An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

# Eolaí do Mhúinteoirí faoin CSO

## 2023/2024



0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 1 07/09/2023 15:23:34







0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 2 07/09/2023 15:23:34

# Eolaí do Mhúinteoirí faoin CSO

## 2023/2024

Arna fhoilsiú ag
**Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann**

**© Rialtas na hÉireann 2023**
Ábhar arna chur i dtoll a chéile agus arna chur i láthair ag an bPríomh-Oifig Staidrimh.
Tá atáirgeadh údaraithe, faoi réir aitheantas a thabhairt don fhoinse.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:
https://www.cso.ie/en/baile/eolasfuinn/beartascoipchirt/

# Clár


| | |
|---|---|
| Forbhreathnú ar an bPríomh-Oifig Staidrimh | 6 |
| Uirlisí Idirghníomhacha | 10 |
| Mol Léirshamhlaithe an CSO | 10 |
| PxStat (córas dáilte sonraí) | 11 |
| Oideachas & Léirshamhlú | 11 |
| Comórtais agus Gradaim | 13 |
| Maidir le Comórtais agus Gradaim CSO | 13 |
| Bonn Staidrimh John Hooper (comórtas póstaeir) | 15 |
| Gradam Sonraí Oscailte CSO ag an Eolaí Óg | 18 |
| Comórtas Staidrimh na hEorpa (comórtas físe) | 20 |
| Grafaicí Faisnéise | 22 |
| Sonraí Teagmhála | 28 |






0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 5 07/09/2023 15:23:34

# Forbhreathnú ar an bPríomh-Oifig Staidrimh

Soláthraíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh eolas staidrimh d'ardchaighdeán don Rialtas, eolas atá ríthábhachtach le go bhféidir polasaithe agus cláir oibre a chur ar bun, a chur chun feidhme agus a mhaoirsiú ag leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla araon i dtimpeallacht eacnamaíoch agus shóisialta atá ag athrú go sciobtha. Déanann an Oifig freastal chomh maith ar riachtanais an phobail náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcoitinne ó thaobh eolas neamhchlaonta agus ábhartha ar dhálaí sóisialta agus eacnamaíocha de. Is féidir na staitisticí éagsúla a ndéanann an Oifig taifead agus anailís orthu a rangú faoi na ceannteidil seo a leanas; Daoine agus an tSochaí, an Margadh Saothair agus Tuilleamh, Earnálacha Gnó, an Geilleagar, Comhshaol agus Aeráid. Tugtar níos mó eolais fúthu seo sna rannáin a leanas.





0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 6 07/09/2023 15:23:34

# Daoine agus an tSochaí

**Daonáireamh:** Reáchtáiltear an daonáireamh gach 5 bliana agus tugtar léargas ann ar ábhair ar nós fhorbairt stairiúil an daonra, na tosca a mbíonn tionchar acu ar athrú daonra, scaipeadh an daonra de réir limistéir gheografaigh agus de réir phríomhthréithe an daonra, .i. aois, inscne, stádas pósta agus go leor eile nach iad.

**Oideachas:** Cuimsítear sna sonraí seo figiúirí faoi rannpháirtíocht in oideachas bunléibhéil, dara leibhéil agus tríú leibhéil, faoi chaiteachas ar oideachas ag na leibhéil sin, faoi iarmhairtí oideachais agus faoin gcaidreamh idir oideachas agus stádas eacnamaíoch.

**Staitisticí Beatha:** Is féidir staitisticí a aimsiú faoin bhfothrannán seo maidir le breitheanna, básanna, póstaí, páirtnéireachtaí sibhialta agus ainmneacha leanaí a thiomsaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh thar ceann na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

**Coireacht:** Scrúdaítear go leor gnéithe den chóras ceartais choiriúil anseo. Ina measc siúd, tá ciontaí a ndearna an Garda Síochána taifead orthu agus rátaí athchiontaithe i measc daoine a cuireadh faoi Ordú Promhaidh, faoi Ordú Seirbhíse Pobail agus iad siúd a scaoileadh ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

**Dálaí Sóisialta:** Clúdaítear raon leathan saincheisteanna a bhaineann le hioncam agus coinníollacha maireachtála. Is é an fhoinse oifigiúil sonraí faoi ioncam líon tí agus ioncam aonair agus tagann roinnt príomhtháscairí náisiúnta bochtaineachta faoina scáth, m.sh. ráta riosca na bochtaineachta agus an ráta bochtaineachta comhsheasmhaí.

**Sláinte:** Clúdaítear caiteachas ar chúram sláinte na hÉireann agus tomhais stádas sláinte an phobail i gcoitinne. Scrúdaítear go leor gnéithe den tsláinte anseo: folláine coirp agus sláinte intinne, deacrachtaí ainsealacha agus sealadacha, agus riochtaí sainiúla.

**An tSochaí Fhaisnéise:** Treochtaí úsáide i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) ag líonta tí, agus ag daoine aonair in Éirinn. Ina measc sin déantar tomhas ar úsáid phearsanta idirlín, siopadóireacht ar líne agus rochtain ar ríomhaire ag líonta tí.



0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 7 07/09/2023 15:23:34

# Margadh Saothair agus Tuilleamh

Léiríonn staitisticí an Mhargadh Saothair forbairtí ar mhargadh saothair na hÉireann, na treochtaí sa **Bheochlár** agus sonraí faoi **dhíospóidí tionsclaíocha.**

Cuirtear faisnéis ar fáil faoi **mheántuilleamh** fostaithe in aghaidh na seachtaine, na huaire agus na bliana, agus faoi **chostais iomlána saothair,** idir meánach agus bliantúil, de réir earnála geilleagraí.

# Earnálacha Gnó

**Seo a leanas cuid de na hábhair a chlúdaítear sa rannán seo:**

**Talmhaíocht:** Faisnéis faoi mhéid na ngabháltas talmhaíochta i ngach cúige agus contae in Éirinn ó 1855 go 2010; sonraí maidir le barraí agus beostoc; cuntais talmhaíochta agus praghsanna talmhaíochta.

**Foirgníocht:** I measc na dtosca a ndéantar staidéar orthu tá ceadanna pleanála agus innéacsanna luacha agus méide ar tháirgeadh san fhoirgníocht. Déantar orduithe nua san earnáil agus aschur foirgníochta a thomhas chomh maith.

**Tionsclaíocht:** Léargas sonrach ar thosca a mbíonn tionchar acu ar dhéantúsaíocht thionsclaíoch, ina measc innéacsanna táirgthe, áireamh ar tháirgeadh tionsclaíoch agus olltáirgeacht.

**Eolaíocht agus Teicneolaíocht:** Tugtar eolas leis na staitisticí seo faoi réimsí cosúil le Caiteachas Ghnó ar Thaighde agus Forbairt, staitisticí ar an tSochaí Fhaisnéise agus ar nuálaíocht sa teicneolaíocht.

**Seirbhísí:** Staitisticí lena léirítear struchtúr na n-earnálacha seirbhíse agus tomhaistear athruithe ar luach agus méid/cainníocht díolacháin miondíola.

**Turasóireacht agus Taistil:** Staitisticí ar nós líon na dturas isteach agus amach as Éirinn chomh maith le caiteachas turasóireachta agus taistil thar lear.

**Iompar:** Sonraí maidir le ceadúnú feithiclí, trácht eitlíochta agus calafoirt, iompar earraí de bhóthar.



0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 8 07/09/2023 15:23:34

# Geilleagar

**Cuntais Idirnáisiúnta:** Tugtar léargas leis na staitisticí seo ar idirbhearta agus sheasaimh dhomhanda na hÉireann, ar leibhéil dheireadh bliana na sócmhainní agus dliteanas airgeadais, agus taispeántar na treochtaí reatha i gcoigilteas agus in infheistíocht ag líonta tí.

**Praghsanna:** Taispeántar torthaí ar na praghasinnéacsanna príomha do na earnálacha neamhthalmhaíochta agus d'earnáil na réadmhaoine cónaithe, amhail innéacsanna ar earraí tomhaltóra, táirgí tionsclaíocha agus ábhair tógála.

**Cuntais Náisiúnta:** Soláthraíonn an rannán seo faisnéis faoin ngeilleagar foriomlán, lena n-áirítear achoimre ar ioncam agus chaiteachas in earnáil rialtais, ar an gComhardú Rialtais Ghinearálta agus ar an Ollfhiachas Rialtais.

**Trádáil:** Tiomsaítear sonraí as staitisticí iompórtála agus easpórtála na hÉireann maidir le gluaiseacht earraí thar lear agus iad ranguithe de réir tráchtearra agus tíre.

# Comhshaol agus Aeráid

Cuirtear sonraí ar fáil maidir le **Rátálacha Fuinnimh Foirgnimh (RFF), cánacha comhshaoil, tomhaltas uisce** agus **astaíochtaí aeir.**

**Foilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh foilseacháin staitistiúla ghinearálta chomh maith ina dtugtar forléargas ar shochaí na hÉireann, lena n-áirítear:**

- Bliainiris Staidrimh na hÉireann
- Dul chun cinn na hÉireann a thomhas
- Mná agus Fir in Éirinn
- Breatimeacht: Éire agus an Ríocht Aontaithe i bhFigiúirí
- An Saol in Éirinn sa bhliain 1916: Scéalta ó Staitisticí.





0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 9 07/09/2023 15:23:35

# Uirlisí Idirghníomhacha

## Mol Léirshamhlaithe an CSO

Tá cnuasach uirlisí le fáil ar **visual.cso.ie** lena féidir teacht i dtaithí ar staitisticí na Príomh-Oifige Staidrimh. Ach leas a bhaint astu seo, is féidir breathnú ar staitisticí na hOifige maidir le praghsanna tithíochta, ainmneacha leanaí, treochtaí i gceadúnú feithiclí, táscairí geilleagracha agus tuilleadh nach iad. Ina theannta sin tá fáil ar shonraí daonáirimh áitiúla agus réigiúnacha le Mapáil an Daonáirimh agus eolas faoi thalmhaíocht réigiúnach leis an Mapa Talmhaíochta.

**Ainmneacha Leanaí na hÉireann:** Breathnaigh ar na hainmneacha a tugadh do leanaí in Éirinn ón mbliain 1964 i leith. Seiceáil ar an oiread leanaí le hainm i mbliain amháin agus le himeacht ama. Aimsigh ainmneacha nua sa roghnóir randamach atá againn nó téigh ag faire ar na liostaí d'ainmneacha ba choitianta.

**Mótair is mó tóir in Éirinn:** Léirítear san aip seo rangú de ghluaisteáin nua a ceadúnaíodh sa stát ar bhonn míosúil agus bliantúil – cén sórt, samhail, déantús, breosla agus dath go fiú.

**Áireamhán Boilscithe an Phraghasinnéacs Tomhaltóirí:** Tomhaistear sa Phraghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI) an meánathrú a thagann ar phraghas earraí agus ar sheirbhísí tomhaltais a cheannaíonn líonta tí. Úsáid an tÁireamhán chun an t-athrú céatadáin idir dhá thréimhse thagartha den CPI a ríomh.

**Praghsanna Tithíochta:** Breathnaigh de réir ceantar Éirchóid ar phraghsanna do réadmhaoine cónaithe (tithe & árasáin) arna díol timpeall an stáit mar aon le tréithe ceannathóirí agus treochtaí díolacháin le himeacht ama.

**Mapáil an Daonáirimh:** Breathnaigh ar shonraí an daonáirimh i leith aon áit ar spéis leat - tá áis inti chun seoltaí a chuardach nó is féidir díreach áit a aimsiú ar an mapa. Tá teacht ar shonraí de réir limistéir éagsúla tíreolaíocha ach catagóir a roghnú san eochair eolais. Ansin ní gá ach gliogáil ar do cheantar roghnaithe chun teacht ar na táblaí Daonáirimh go léir ina leith don bhliain 2022. Tugadh SAPmap ar an uirlis roimhe seo.

**Mapa Talmhaíochta:** Is féidir leas a bhaint as an uirlis mhapála seo ar thorthaí an Áireamh Talmhaíochta 2020 chun breathnú ar an struchtúr talmhaíochta



0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 10 07/09/2023 15:23:35

i gceantar ar spéis leat. Tá áis um chuardach seoltaí nó rogha gliogála ar an mapa chun teacht ar phróifíl d'aon cheantair. Chun comparáidí a dhéanamh idir áiteanna, bain triail as an áis ilcheantair nó an áis raoin.

## PxStat

Is é atá i PxStat ná tairseach sonraí oscailte na hOifige. Óstáiltear idir staitisticí na hOifige agus staitisticí comhlachtaí poiblí eile air. Tá teacht ar shonraí ón mbliain 1841 i leith a bhaineann le hiliomad ábhar éagsúla. Is féidir staitisticí a chuardach agus a scagadh de réir a riachtanais, sonraí a léiriú ar mhapa, naisc ar thábláí a roinnt, táblaí a easpórtáil lena n-úsáid níos déanaí, nó fiú comhéadan feidhmchláir (API) a úsáid le haghaidh iarratas cianda ar shonraí.

**Féach ar PxStat ag https://www.cso.ie/en/databases/. Tá teacht ar fhíseáin treoracha ar an leathanach céanna chun cabhrú leat táblaí a chuardach agus chun graif a chruthú duit féin.**

## Oideachas & Léirshamhlú

Is féidir teacht ar Rannán na Mac Léinn ar www.cso.ie/ga, áit a bhfuil nasc ar uirlisí úsáideacha. Tá fáil ar uirlisí léirshamhlaithe, físeáin, agus acmhainní foghlama ann, mar aon leis an eolas go léir faoi chomórtais staitistiúla a reachtálann an Oifig.

### I measc na n-ábhar i Rannán na Mac Léinn tá:

- Uirlisí léirshamhlaithe agus grafaicí faisnéise de chuid na hOifige
- Nasc ar shuíomh gréasáin *DaonáireamhArScoil* agus preasráitis ghaolmhara
- Nasc ar phróifílí ceantair maidir le contaetha, toghcheantair Dála agus bailte
- Gluais mínithe ar na staitisticí a dtáirgeann an Oifig, acmhainní 'Daonáireamh sa Rang' agus nasc ar shuíomh an Fhoras Riaracháin (IPA)
- Eolas maidir le comórtais CSO, lena n-áirítear Comórtas Póstaeir John Hooper, agus gradaim CSO, m.sh. Gradam Sonraí Oscailte CSO ag an Eolaí Óg.

### Ina theannta sin, tá rochtain ar uirlisí idirghníomhacha Eurostat:

- Comparáid idir ógánaigh na hÉireann agus ógánaigh eile na hEorpa
- Do Shaol san AE – Déan comparáid ar do bhealach maireachtála
- Caighdeán saoil san AE – Comparáid idir do thír agus an chuid eile den AE
- Mo Thír inti Féin – Comparáid idir bhallstáit an AE



0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 11 07/09/2023 15:23:35

# Maidir le Comórtais agus Gradaim na Príomh-Oifige Staidrimh

As part of our Educational Outreach programme, the CSO runs statistical competitions and sponsors awards.





0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 13 07/09/2023 15:23:35

**Comórtas Póstaeir John Hooper:** Is é is cuspóir leis an gcomórtas seo ná cumas daltaí a chothú chun a dtimpeallacht a mhíniú, a thaiscéaladh agus a chíoradh trí úsáid a bhaint as staitisticí. Is féidir le foirne de bheirt nó triúr daltaí, faoi bhun 18 mbliana d'aois, cur isteach ar an gcomórtas náisiúnta seo. Seoladh an comórtas in 2010 chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Domhanda an Staidrimh.

**Gradam um Úsáid is Fearr Sonraí Oscailte CSO ag Comórtas an Eolaí Óg BT:** Bronntar an duais seo ar an úsáid (nó úsáid fhéideartha) is nuálaí de shonraí oscailte CSO, bíodh sin in anailísithe, próisis nó aschuir staitistiúla, píosa taighde, léirshamhlú nó léarscáil sonraí, forbairt gléis, feidhmchlár nó sonraí oscailte CSO a úsáid ar bhealach nuálach eile.

**Comórtas Staidrimh na hEorpa (CSE):** Is é is príomhaidhm leis an CSE ná cuidiú le daoine óga foghlaim faoi staitisticí ar bhealach spraíúil spreagúil. Ina theannta sin, spreagtar múinteoirí chun modhanna úra a úsáid le staitisticí a theagasc. Déantar seo trí úsáid sonraí fíorúla as staitisticí oifigiúla a chur chun cinn agus trí bealaí cur chun feidhme a aimsiú don tuiscint staitistiúil foghlamtha. Anuas air sin, tá sé mar rún leis an gcomórtas an ról atá ag staitisticí i ngnéithe éagsúla den tsochaí a léiriú do dhaltaí agus múinteoirí. Cuirtear obair foirne agus comhoibriú i measc daltaí chun cinn ar mhaithe le spriocanna comónta a bhaint amach.

**Eacnamaí Óg na Bliana:** Is í an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) a eagraíonn na gradaim náisiúnta d'Eacnamaí Óg na Bliana. Is ábhar bróid don Phríomh-Oifig Staidrimh dul i mbun comhpháirtíochta le hEacnamaí Óg na Bliana mar urraitheoir an Bhoinn um Úsáid Sonraí is Fearr. Iarrtar ar mhic léinn iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna praiticiúla mar chuid den Eacnamaí Óg. Is féidir le mic léinn díriú ar aon réimse eacnamaíochta ar mian leo, ach ní mór dóibh tagairt a dhéanamh do cheann nó níos mó de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI), i réimsí Eacnamaíochta, Sóisialta nó Comhshaoil.

Leis na gradaim Eacnamaí Óg SFGM, spreagtar mic léinn iar-bhunscoile ar fud na hÉireann chun tuiscint a fháil ar an domhan mórthimpeall orthu ag úsáid na heacnamaíochta. Ach leas a bhaint as modhanna taighde agus iniúchta, beidh na mic léinn seo in ann teacht ar chonclúidí faoi shaincheisteanna praiticiúla agus a dtuiscint ar an eacnamaíocht a léiriú.

Chun teacht ar thuilleadh eolais, féach:
pdst.ie/youngeconomist nó youngeconomist.ie

0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 14 07/09/2023 15:23:35

## Alana Mc Kinnon agus Aisling Vaughan (Mary Immaculate Secondary School, Lisdoonvarna, Co. Clare) - Buaiteoirí Bonn Staidrimh John Hooper 2023



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

# Comórtais CSO



# Bonn Staidrimh
# John Hooper



0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 16 07/09/2023 15:23:36

# Comórtas Póstaeir Staitistiúil John Hooper

Bronntar **Bonn Staidrimh John Hooper** ar bhuaiteoirí an chomórtas póstaeir náisiúnta seo. Is é is cuspóir leis an gcomórtas ná cumas daltaí a chothú chun cur síos ar a dtimpeallacht agus chun ciall a bhaint as an saol ag úsáid staitisticí.

### Cé ar féidir leo páirt a ghlacadh?

Foirne de bheirt nó triúr dalta, rugtha in 2005 nó níos déanaí, as aon áit in Éirinn (thuaidh nó theas). Ní mór do mhúinteoirí na foirne a chlárú.

### Conas páirt a ghlacadh:

**1.** Socraigh ar cheist
**2.** Bailigh sonraí nó úsáid sonraí reatha
**3.** Athbhreithnigh cáilíocht na sonraí
**4.** Déan anailís ar na sonraí
**5.** Cruthaigh an póstaer

Is féidir póstaer a chruthú faoi abhar ar bith. É sin ráite, ba chóir na modhanna oibre a leanas a léiriú: anailís úsáide, staitisticí/faisnéis staitistiúil a léirmhíniú agus a chur in iúl.

### Dátaí Tábhachtacha

- **Ar oscailt le clárú** www.cso.ie/en/baile/rannanml
- **22 Feabhra 2024 (5 .i.n)** Póstaeir le cur faoi bhráid ar líne
- **22 Márta 2024** Fógrófar torthaí an chomórtais ar líne

### Cén fáth ar chóir a bheith páirteach?

Trí pháirt a ghlacadh sa chomórtas seo spreagfar daltaí chun:

- oibriú ar bhonn foirne
- ceisteanna iarbhír a iniúchadh ag baint úsáid as sonraí
- úsáid a bhaint as a scileanna comhairimh agus grafacha
- torthaí staitistiúla a léirmhíniú
- scileanna a fhorbairt sa chumarsáid scríofa

Beidh deis ag na buaiteoirí ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ag Comórtas Staidrimh na hEorpa 2023.

### Duaiseanna

1d — **€1,600** As sin tabharfar €1,000 don scoil agus €600 don fhoireann daltaí mar aon le Bonn Staidrimh John Hooper.

2ra — **€1,000** As sin tabharfar €650 don scoil agus €350 don fhoireann daltaí.

3ú — **€600** As sin tabharfar €400 don scoil agus €200 don fhoireann daltaí.

Le haghaidh breis eolais, féach **www.cso.ie/en/baile/rannanml**



0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 17 07/09/2023 15:23:36

An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

# Comórtais CSO



# Sár-Úsáid
# **Sonraí Oscailte CSO**
# ag Taispeántas Eolaí Óig 2023

# Sár-Úsáid Sonraí Oscailte CSO ag Taispeántas Eolaí Óig 2023

Urraíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) gradam ag Taispeántas an Eolaí Óig don úsáid is fearr dá Sonraí Oscailte. Tá an gradam ann leis an aos óg a spreagadh chun sonraí oscailte a úsáid agus bronntar é ar bhonn na húsáide, nó úsáid féideartha, is nuálaí de shonraí CSO.

### Glacadh Páirte

Tá Taispeántas an Eolaí Óig BT oscailte do dhaoine aonair nó foirne de thriúr ar a mhéid ón scoil chéanna atá ar aon aoisghrúpa lena chéile.

Tá an comórtas oscailte do dhaltaí dara leibhéil in Éirinn, thuaidh agus theas, atá idir 12 agus 19 mbliana d'aois ar an 31 Deireadh Fómhair 2023.

Tá trí aoisghrúpa ann:

- **Sóisearach:** $1^{d}$ & $2^{ra}$ Bliain (ó dheas) Bliain 8, 9, 10 (ó thuaidh)
- **Idirmheánach:** $3^{ú}$ & $4^{ú}$ Bliain (ó dheas) Bliain 11 & 12 (ó thuaidh)
- **Sinsearach:** $5^{ú}$ & $6^{ú}$ Bliain (ó dheas)
- Bliain 13 & 14 (ó thuaidh)

### Duais



Bronnfar an Gradam um Úsáid Is Fearr Sonraí Oscailte CSO ag Taispeántas an Eolaí Óig BT. Ina theannta sin, tabharfar bonn don duine/foireann bhuacach ag Searmanas Bronnta Bliantúil na nGradam CSO.

### Cén fáth ar chóir a bheith páirteach?

Tá an gradam seo dírithe ar an aos óg a spreagadh chun sonraí oscailte a úsáid agus bronntar é ar bhonn na húsáide, nó úsáid féideartha, is nuálaí de shonraí CSO. Is gníomhaíocht iontach sheach-churaclaim an gradam seo go bhféadfadh daltaí a lua ar CV nó iarratas coláiste. Is féidir le daltaí scileanna a fhorbairt ar nós modheolaíocht taighde, dearadh turgnaimh, bailiú sonraí, measúnú agus anailís, smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna, cumarsáid, nuálaíocht agus fiontraíocht. Tugann iontrálacha i dTaispeántas an Eolaí Óig tacaíocht don chur chuige traschuraclaim i bhfoghlaim ETIM/STEM.

### Conas páirt a ghlacadh:

Is féidir tionscal d'aon fhormáid a chur faoi bhráid - anailísí, modhanna nó aschurtha staitistiúla. Is féidir leo bheith i raon eolaíoch nó matamaiticiúil, agus i bhfoirm phíosa taighde, amharcléiriú nó léarscáil sonraí, forbairt uirlise, feidhmchlár nó úsáid ar bhealach eile nuálach de shonraí oscailte CSO.

Chun clárú don Eolaí Óg, téigh chuig: https://btyoungscientist.com

### Dátaí an Taispeántais

11-13 **Eanáir 2024**

Le haghaidh breis eolais, féach **www.cso.ie/en/baile/rannanml**



0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 19 07/09/2023 15:23:36

An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

# Comórtais CSO



# Comórtas Staidrimh na hEorpa

European Statistics Competition



0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 20 07/09/2023 15:23:36

# Comórtas Staidrimh na hEorpa

Is é is aidhm le **Comórtas Staidrimh na hEorpa** ná cuidiú le daoine óga foghlaim faoi staitisticí ar bhealach spraíúil spreagúil. Ina theannta sin, spreagtar múinteoirí chun modhanna úra a úsáid nuair atá siad ag teagasc faoi staitisticí. Luíonn an CSE le cur chun cinn úsáid fíricí a eascraíonn as staitisticí oifigiúla agus le cur chun feidhme tuiscint staitistiúil foghlamtha.

**Cé ar féidir leo páirt a ghlacadh?**
Molfar buaiteoirí sa dá chatagóir aoise den chomórtas náisiúnta John Hooper 2024 chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn sa CSE.

**Conas páirt a ghlacadh:**
Beidh ar fhoirne páirteacha físeán a chumadh ina mínítear coincheap staitistiúil. Beidh uasmhéid dhá nóiméad leis na físeáin seo agus cuirfear an topaic roghnaithe in iúl d'fhoirne mí Márta 2024. Caithfidh iomaitheoirí, trí thagairt a dhéanamh do staitisticí iomchuí, comparáid a dhéanamh idir a dtír/réigiún féin agus an chuid eile den Eoraip, ag leagan béime ar athróga suimiúla le hais meánmhéid/meánráta/eile na hEorpa.

**Duaiseanna**



Gheobhaidh gach ball agus comhairleoir ar na foirne a bhuann sa dá chatagóir aoise:

- teastas gaisce
- dearbhán bronntanais ar luach €400
- foilseacháin agus ábhair dhea-mhéine Eurostat

**Cén fáth ar chóir a bheith páirteach?**
Ar na cuspóirí is mó leis an CSE tá cothú fiosrachta agus suime i measc daltaí. Moltar múinteoirí chomh maith chun uirlisí nua a úsáid le staitisticí a theagasc. Déantar seo trí úsáid sonraí fíorúla as staitisticí oifigiúla a chur chun cinn agus trí bealaí cur chun feidhme a aimsiú don tuiscint staitistiúil foghlamtha. Anuas air sin, tá sé mar rún leis an gcomórtas an ról atá ag staitisticí i ngnéithe éagsúla den tsochaí a léiriú do dhaltaí agus múinteoirí. Cuirtear obair foirne agus comhoibriú i measc daltaí chun cinn ar mhaithe le spriocanna comónta a bhaint amach.

**Sceideal an Chomórtais**
Tá sceideal an chomórtais do 2024 fós le deimhniú. Go hiondúil, bíonn sé ar siúl sa tréimhse Aibreán go Meitheamh. Tabharfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh cuireadh do bhuaiteoirí an chomórtas John Hooper a bheith páirteach agus pléifear na riachtanais leo ag an bpointe sin.

Le haghaidh breis eolais, féach **www.cso.ie/en/baile/rannanml**



0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 21 07/09/2023 15:23:36

An Phríomh-Oifig Staidrimh | Central Statistics Office

# Ainmneacha Leanaí na hÉireann 2022




+353 21 453 5000 | www.cso.ie/ga | eolas@cso.ie | twitter.com/CSOIreland | facebook.com/CSOIreland | youtube.com/CSOIrelandMedia




0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 22
07/09/2023 15:23:37

An Phríomh-Oifig Staidrimh | Central Statistics Office

DAONÁIREAMH CENSUS 2022
www.cso.ie

# Tithíocht in Éirinn

## Stádas an tsealbhóra



Úinéir glan amach
**679,718**
Méadú 11%*

Úinéir le morgáiste nó iasatcht
**531,207**
Laghdú 1%*

Cíosaí
**513,704**
Méadú 9%*

*le hais Daonáireamh 2016

## Cíos meánach seachtainiúil

Líonta tí le tiarna talún príobháideach
**€273**
Ardú 37%*




Is ísle:
Dún na nGall
**€134**
Ardú 29%*

Is airde:
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin
**€442**
Ardú 32%*

## Fuinneamh in-athnuaite sa mbaile

Teaghaisí le painéil gréine
**119,300**
6%



Sciar is mó:
Comhairle Contae na Mí
**11%**
7,629

Sciar is lú:
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
**3%**
6,197

+353 21 453 5000 | www.cso.ie/ga | eolas@cso.ie | twitter.com/POStaidrimh | facebook.com/CSOIreland | youtube.com/CSOIrelandMedia




0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 23 07/09/2023 15:23:37

An Phríomh-Oifig Staidrimh | Central Statistics Office

DAONÁIREAMH CENSUS 2022 www.cso.ie

# Daonáireamh 2022 – Torthaí Achoimre




+353 21 453 5000 | www.cso.ie/ga | eolas@cso.ie | twitter.com/POStaidrimh | facebook.com/CSOIreland | youtube.com/CSOIrelandMedia




0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 24 07/09/2023 15:23:37

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE

# Sprioc 15 - Beathra Talún

## Cumhdach Foraoise de réir Contae, **2022** (SFI 15.1.1)




Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

## Limistéar foraoise an stáit, **2022** (SFI 15.1.1)

**808,848** heicteár

**11.6%** de limistéar talún



Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

## Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCS), **2022** (SFI 15.1.2)

Raon na LCSanna (gnáthóga talún agus muirí araon)

**597,000** heicteár



Foinse: Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

## Cúnamh Oifigiúil Forbartha um Bhithéagsúlacht, **2020** (SFI 15.a.1)



**$47.4m***

*luach tairiseach 2020 (dollair SAM)

Foinse: Rannóg Staidrimh na Náisiún Aontaithe

## Cineál Cumhdach Talún (%), **2018** (SFI 15.3.1)





| | Talmhaíocht | | Bogach | |
|---|---|---|---|---|
| | 2000 | 2018 | 2000 | 2018 |
| % | 67.2 | 67.6 | 16.9 | 14.9 |

Foinse: Tacar sonraí CORINE, Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/Gníomhaireacht Eorpach Comhshaoil

+353 21 453 5000
www.cso.ie/ga
eolas@cso.ie
twitter.com/POStaidrimh
facebook.com/CSOIreland
youtube.com/CSOIrelandMedia



0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 25
07/09/2023 15:23:37

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

# Táscairí Comhshaoil na hÉireann 2022

## Daonra an Domhain

1950
**2.5 billiún**

2021
**7.9 billiún**

1950 | 2021

## Coibhéis $CO_2$ in aghaidh an duine in 2020

**11.6** tonna
$CO_2$
Éire

**7.4** tonna
$CO_2$
AE

**42%**
den ghiniúint leictreachais in 2020 tagtha ó **fhoinsí in-athnuaite**

**33%**
**de leictreachas méadraithe** ídithe ag lionta tí in 2021

**€2.2bn**
**d'fhóirdheontais breoslaí iontaise** in 2020

€€€


+353 21 453 5000
www.cso.ie/ga
eolas@cso.ie
twitter.com/POStaidrimh
facebook.com/CSOIreland
youtube.com/CSOIrelandMedia



0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 26
07/09/2023 15:23:38

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

# Geilleagar na hÉireann 2022




+353 21 453 5000
www.cso.ie/ga
eolas@cso.ie
twitter.com/POStaidrimh
facebook.com/CSOIreland
youtube.com/CSOIrelandMedia



0152301 Information CSO Teacher's Guide 2024 IRI.indd 27
07/09/2023 15:23:38

**Tar i dteagmháil linn:**

+353 21 453 5000

www.cso.ie/ga

eolas@cso.ie

twitter.com/POStaidrimh

facebook.com/CSOIreland

youtube.com/CSOIrelandMedia

instagram.com/CSOireland

